



An Coiste um Iascach

2019/2161(INI)

20.10.2020

DRÉACHT-TUARASCÁIL

Iascairí amach anseo: Spéis ghlúin nua oibrithe a mhúscailt i dtionscal na hiascaireachta agus fostaíocht a chruthú do phobail chósta (2019/2161(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Manuel Pizarro

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	3
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	13

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

Iascairí amach anseo: Spéis ghlúin nua oibrithe a mhúscailt i dtionscal na hiascaireachta agus fostaíocht a chruthú do phobail chósta (2019/2161(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint d’Airteagal 3(2) agus (3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus d’Airteagal 4(2)(a), (d) agus (k), agus d’Airteagail 9 agus 153 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),
- ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI),
- ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige,
- Ag féachaint don Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS)
- ag féachaint don Choinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO),
- ag féachaint don Choinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS),
- ag féachaint do Choinbhinsiún Torremolinos (1977)
- ag féachaint do Phrótacal Torremolinos (1993) agus do Chomhaontú Cape Town (2012) lena leasaítear agus lena nuashonraítear Coinbhinsiún Torremolinos,
- ag féachaint don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta, 1995 (STCW-F),
- ag féachaint don Choinbhinsiún ar obair san earnáil iascaireachta C188 (2007) den Oifig Idirnáisiúnta Saothair,
- ag féachaint do Threoirlínte Deonacha na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) 2005 maidir le Dearadh, Tógáil agus Fearastú Soithí Beaga Iascaireachta,
- ag féachaint do thuarascáil Europêche, ‘Iascaigh’ Cogeca & Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa – Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa (Nollaig 2000): ‘Aitheantas Frithpháirteach do Theastais san Earnáil Iascaireachta Mara san Eoraip, Tuarascáil Deiridh’, a dtugtar ‘Tuarascáil Bénodet’ air freisin, staidéar a ullmhaíodh don fhóram a tionóladh in Bénodet (FR) faoin gceist, 13 agus 14 Deireadh Fómhair 2000, lch. 9,

- ag féachaint do chonclúidí an doiciméid dar teideal ‘Oiliúint Iascairí’¹, Parlaimint na hEorpa, an Roinn Beartais um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe (2018)
 - ag féachaint do ‘Forléargas Bliantúil 2019 ar Thaismigh agus Theagmhais Mhuirí’² de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA),
 - ag féachaint do Thuarascáil Eacnamaíoch Bhliantúil 2019 ar Chabhlaigh Iascaigh an Aontais (STECF 19-06)³,
 - ag féachaint do thuarascáil FAO ‘The State of World Fisheries and Aquaculture 2020’ (*Staid Iascaigh Dhomhanda agus an Uisce-shaothraithe 2020*)⁴,
 - ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0000/2020),
- A. de bhrí gurb é aidhm an chomhbheartais iascaigh (CBI) a áirithiú go mbeidh an iascaireacht agus an t-uisceshaothrú inbhuanaithe san fhadtárma agus go bhfuil an inbhuanaitheacht sin bunaithe ar thrí cholún – an comhshaol, gné shóisialta agus gné eacnamaíoch;
- B. de bhrí go soláthraíonn an iascaireacht, lena n-áirítear docharshaothrú, bia do na billiúin duine agus de bhrí go bhfuil an earnáil sin ina foinse thábhachtach fostaíochta agus ioncaim le haghaidh slite beatha 10-12% de dhaonra an domhain, dar le FAO; de bhrí, de bhreis air sin, go bhfuil thart ar 140 milliún post eile a bhfuil baint acu leis an gcuid eile de shlabhra luacha na n-iascach, i bpróiseáil agus i ndíol táirgí iascaigh go háirithe;
- C. de bhrí, de réir faisnéis arna bailiú ag FAO, gur mná faoi deara breis is 20% de na poist a bhaineann le táirgeadh an docharshaothraithe, ainneoin nach bhfuil ach thart ar 3% de na poist san iascaireacht tháirgiúil acu;
- D. de bhrí, de réir na sonraí Eurostat is déanaí⁵, go raibh thart ar 180 000 duine ar an iomlán fostaíthe i dtionscal iascaigh an Aontais in 2017, agus thart ar thrían díobh i bhfo-earnáil an docharshaothraithe; de bhrí, as an bhfigiúr iomlán sin, go raibh 41 000 duine fostaíthe in earnáil na n-iascach príomhúil sa Spáinn, agus 29 000 eile san Iodáil, 21 000 sa Ghréig, 20 000 sa Fhrainc agus 14 700 sa Phortaingéil; de bhrí gurbh iad an Iodáil, an Ghréig agus an Phortaingéil faoi deara 35.9% den fhostaíocht in 2017 ainneoin nach raibh ach 11% den táirgeadh iascaireachta ag na trí Bhallstát sin;
- E. de bhrí go léiríonn sonraí staidrimh arna bhfoilsíú ag Eurostat⁶ in 2019, maidir leis an

¹ [https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/617484/IPOL_STU\(2018\)617484_EN.pdf](https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/617484/IPOL_STU(2018)617484_EN.pdf)

² <http://www.emsa.europa.eu/news-a-press-centre/external-news/item/3734-annual-overview-of-marine-casualties-and-incidents-2019.html>

³ An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) – The 2019 Annual Economic Report on the EU Fishing Fleet (*Tuarascáil Bhliantúil Eacnamaíoch 2019 ar Chabhlaigh Iascaigh AE*) (STECF-19-06). Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2019, JRC112940, ISBN 978-92-79-79390-5, doi:10.2760/56158)

⁴ <https://doi.org/10.4060/ca9229en>

⁵ https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Fishery_statistics#The_factors_of_production

⁶ <https://ec.europa.eu/eurostat/documents/3217494/10166544/KS-02-19%E2%80%91EN-N.pdf/c701972f-6b4e-b432-57d2-91898ca94893>

earnáil ‘Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaigh’ in 2018, go raibh 14.4% ar an iomlán de na hoibrithe 65 bliana d’aois nó níos sine, agus de bhrí gur san earnáil sin a fhostaítear an líon is mó daoine san aoisghrúpa sin; de bhrí, ainneoin cion na n-oibrithe san aoisghrúpa sin a bheith ag titim go comhsheasmhach ó 2008 i leith, nár thit líon iarbhir na bhfostaithe san aoisghrúpa sin ar an ráta céanna;

- F. de bhrí, ainneoin gan aon sonraí sonracha faoi earnáil na n-iascach amháin, gur féidir faisnéis áirithe maidir le haois na n-oibrithe iascaigh a fháil i seirbhísí staidrimh roinnt de na Ballstáit; de bhrí go léiríonn na figiúirí go bhfuil céatadán na n-iascairí atá 55 bliana d’aois nó níos sine ag dul i méid le 10 mbliana anuas agus gur thart ar 20% de na hiascairí gníomhacha atá i gceist faoi láthair agus, den pháirt eile, nach léirítear treocht shoiléir i gcás céatadán na n-iascairí óga (34 bliana d’aois nó níos óige), céatadán idir 20% agus 23% de na hiascairí gníomhacha go seasmhach;
- G. de bhrí, dá ainneoin sin, go luann formhór na mBallstát agus formhór chomhpháirtithe eacnamaíocha an Aontais i dtionscal an iascaigh go minic an easpa spéise san iascaireacht i measc daoine óga, rud a aithníodh den chéad uair fiche bliain ó shin ar a laghad agus a chruthaíonn deacrachtaí breise sa tionscal i gcoitinne agus a chuireann leis na fadhbanna sóisialta i bpobail chósta;
- H. de bhrí, chomh fada agus a bhaineann le tionóiscí agus teagmhais ar muir de, as na soithí farraige ar fad gur soithí iascaireachta is mó a chailltear cé nach í an iascaireacht an ghníomhaíocht faoi deara an líon is mó tionóiscí, agus gur cláraíodh méadú 40% in 2018 ar líon na dteagmhas a bhain le soithí iascaireachta;
- I. de bhrí, ainneoin an méadú ar líon na dteagmhas, go léiríonn líon na mbásanna de dheasca tionóiscí agus teagmhas ar bord soithí iascaireachta go bhfuil an treocht ag íslíú, agus gur tosca a bhaineann leis an duine faoi deara formhór mór na dteagmhas (62.4%) agus gur teipeanna córais/trealaimh an dara cúis is coitianta (23.2% de na teagmhais).
- J. de bhrí gur ceisteanna sábháilteachta – aithnítear i gcoitinne gur gairm chontúirteach í an iascaireacht – agus déine na hoibre ar na báid iascaireachta faoi deara cuid mhór den easpa spéise san iascaireacht i measc daoine óga;
- K. de bhrí gur sainathníodh mar shrianadh fiche bliain ó shin an easpa caighdeánaithe sa deimhniúchán d’iascairí agus sa bhunoiliúint a chuirtear orthu, mar aon le heaspa aitheantais don mhéid sin sna Ballstáit, agus de bhrí gur beag forbairtí a rinneadh;
- L. de bhrí go léiríonn torthaí fheidhmíocht eacnamaíoch chabhlach an Aontais i gcoitinne go bhfuil cúrsaí ioncaim ag feabhsú agus an brabús agus an meántuilleamh d’iascairí ag méadú ar bhonn bliantúil, cé nach treocht uilíoch é nuair a dhéantar mionanailís ar na torthaí de réir Ballstáit, imchuach farraige agus cabhlach iascaireachta, agus nach é a léirítear go háirithe sna treochtaí i gcabhlach mionscála cósta an Aontais;
- M. de bhrí, go bhfuil cion suntasach iascairí a mbíonn ioncaim ísle neamhrialta acu nach soláthraíonn cosaint shóisialta leordhóthanach dóibh, agus gur tosca iad sin freisin a bhaineann de spéis daoine óga san iascaireacht;

Faisnéis níos fearr faoin bpobal gníomhach in earnáil na n-iascach agus próifiliú níos fearr ar an bpobal sin

1. Á chur i bhfáth a riachtanaí atá sé feabhas a chur ar an tslí a mbailítear faisnéis faoin bpobal gníomhach in earnáil na n-iascach agus an táirgthe do bharshaothraithe agus sa slabhra luacha i gcoitinne, agus ar an tslí a gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil ar bhonn rialta córasach ar leibhéal an Aontais agus arna bhriseadh síos de réir Ballstáit;
2. Á chur i bhfios go bhféadfar staideanna agus éagsúlachtaí a fholú nó a cheilt de bharr comhiomlánú sonraí staidrimh san earnáil mhór sin ‘Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascach’, agus gur toradh diúltach a bheadh ann do gach earnáil díobh; á chur i bhfáth nach bhfuil idircheangal idir na gníomhaíochtaí sin ainneoin gur earnálacha den tairgeadh príomhúil iad uile agus, i gcás earnáil na n-iascach, nach sa timpeallacht chéanna, ná sa limistéar geografach céanna go fiú, a dhéantar na gníomhaíochtaí;
3. Á athdhearbhú, amhail i gcás bhainistiú ar stoic agus ar ghnáthóga, gur ar bhonn an eolais eolaíoch is fearr agus é bunaithe ar shonraí iontaofa, gar d’fhíor-am le hamshraith shínte, is fearr a dhéanfar forbairtí sóisialta a bhainistiú san earnáil sin agus faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe i gcás forbairtí fostaíochta, agus gan an t-eolas sin go mbeidh ceann de thrí cholún na hinbhuanaitheachta a mholtar faoin CBI – an colún sóisialach – nach féidir a leanúint suas ná a chur chun feidhme go hiomlán;
4. Á chur i bhfios gur cosúil ón bhfaisnéis a chuir comhlachtaí éagsúla ar fáil go bhfuil criúnna iascaireachta an Aontais ag dul in aois, ach amhail i gcás bhainistiú ar iascaigh agus oiriúnú ar na bearta a ghlacfar gur cheart, maidir le bainistiú gníomhaíochtaí, maidir leis an bhfaireachán a dhéanfar orthu agus mar a chuirfear chun feidhme iad, gur cheart difreálú a dhéanamh bunaithe ar an limistéar geografach, ar na cabhlaigh iascaigh agus i gcásanna áirithe ar an trealamh iascaireachta in úsáid;
5. Ag tathant ar an gCoimisiún, agus ar Eurostat go háirithe, agus ar na Ballstáit, treochtaí fostaíochta a chur san áireamh, ní hamháin i gcomhthéacs líon iomlán na bpost ach i gcomhthéacs leibhéal na hoiliúna agus struchtúr aoise an phobail oibre freisin in earnáil an iascaigh agus an do bharshaothraithe agus i slabhra luacha na n-iascach agus an do bharshaothraithe chomh maith, más féidir, agus sonraí a chur ar fáil i ndáil leis sin a bheidh chomh mion céanna leis na sonraí atá ann maidir le faireachán ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus feidhmíocht na hearnála ar bhealach áirithe;

Dálaí feabhsaithe oibre agus maireachtála ar bord chun cúrsaí sábháilteachta a fheabhsú

6. Á chur i bhfios, cé go bhfuil feabhas ar chúrsaí sábháilteachta ar bord, ar na soithí móra go háirithe, go raibh méadú 40% ar líon na dteagmhais agus na dtionóiscí arna dtairfeadh ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) in 2018 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, ainneoin titim sheasmhach ar líon na mbásanna le blianta beaga anuas;
7. Á chur i bhfios gurb é EMSA amháin atá freagrach as sonraí a bhailiú maidir le taismigh agus teagmhais mhuirí a bhaineann le soithí iascaireachta breis is 15 mhéadar ar fad, nó i gcásanna ina mbíonn soithí faoi bhun 15 mhéadar ar fad i dtionóiscí a

thagann faoi chuimsiú Threoir 2009/18/CE⁷ agus, dá réir sin gur cinnte go mbeidh líon na dtionóiscí agus na dteagmhais a bhaineann le soithí iascaireachta níos airde ná na taifid a chuirtear ar fáil i dtuarascálacha bliantúla EMSA;

8. Á chur i bhfios go meastar go mbaineann priacal le gníomhaíochtaí muirí gairmiúla i gcoitinne agus gur gníomhaíochtaí contúirteacha iad, an iascaireacht go háirithe, agus go bhfuil an scéal níos measa fós ó tharla gur soithí beaga cósta (níos lú na 12 mhéadar ar fad) 85% de shoithí an Aontais agus dá réir sin go mbíonn siad i mbaol breise ó dhálaí drochaimsire agus ó bheith ag oibriú i ngar don chósta;
9. Á chur i bhfáth, ainneoin iarrachtaí an Aontais agus iarrachtaí idirnáisiúnta chun dálaí sábháilteachta ar bord soithí a fheabhsú, ar bord soithí iascaireachta go háirithe, gur leis na soithí móra nuathógtha amháin a bhfuil feidhm ag na coinbhinsiúin idirnáisiúnta faoina leagtar amach rialacha agus córais maidir le longa agus an pearsanra ar bord a chosaint;
10. Á athdhearbhú go nach féidir dálaí oibre agus maireachtála ar bord a fheiceáil ar leithligh ó dhálaí sábháilteachta; go bhfuil sí den tuairim go gcuireann dálaí maithe oibre agus maireachtála ar bord soithí leis na dálaí sábháilteachta faoina ndéantar oibríochtaí iascaireachta agus go bhfuil an scéal amhlaidh i gcás am sosa d'iascairí, agus impleachtaí díreacha ansin dá sábháilteacht, mar gur earráid an duine faoi deara céatadán mór de na tionóiscí agus de na teagmhais ar shoithí iascaireachta i gcónaí, cibé an easpa eolais nó easpa oiliúna nó tuirse faoi deara iad;
11. Á chur i bhfios go n-eisiatar oibríthe muirí, iascairí san áireamh, ó chuimsiú chreata dlíthiúla an Aontais agus ó chreata dlíthiúla náisiúnta na mBallstát maidir le cúrsaí saothair, agus á chur san áireamh go bhfuil go leor de na rialacha nach mbeidh feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí iarbhír na n-oibríthe sin; Á chur i bhfios ó tharla nach féidir scéimeanna ginearálta saothair a fheidhmiú, go bhfuil sé riachtanach a áirithiú go gcuirtear líon áirithe bonn tuisceana a bhaineann le dálaí fostaíochta ar fáil agus iad in oiriúint do mharaithe, agus d'iascairí go háirithe;
12. Á chur i bhfios, ag brath ar an trealamh iascaireachta a úsáidtear, ar mhéid an tsoithigh, ar an réimse oibríochta agus ar na dálaí aimsire, go mbíonn fachtóirí éagsúla priacail ann don iascaireacht ó thaobh na ndálaí oibre agus maireachtála ar gá iad a chur ar fáil ar bord;
13. Á mheabhrú na céimeanna ar bhonn idirnáisiúnta, faoi Phrótacal Torremolinos (1993) agus faoi Chomhaontú Cape Town (2012) go háirithe a glacadh chun Coinbhinsiún Torremolinos (1977) a leasú agus a fheabhsú, coinbhinsiún a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar an tsábháilteacht ar bord soithí iascaireachta, agus á chur i bhfios nár cuireadh an Coinbhinsiún sin i bhfeidhm go fóill, ainneoin laghdú 2012 ar na ceanglais;
14. Á chur in iúl gur geal léi Treoirlínte Deonacha na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta 2005 maidir le Dearadh, Tógáil agus Trealmhú Soithí Beaga Iascaireachta a bheith á mbunú, agus á chur i bhfios áfach, tharla gur treoirlínte deonacha iad, nach mbeidh iontu ach treoir agus nach bhfuil aon oibleagáid dlíthiúil ná caighdeánú gnáthghnás i bhfeidhm

⁷ IO L 131, 28.5.2009, lgh. 114-127

maidir le soithí iascaireachta cósta ar mhionscála;

15. Á mheabhrú gurb é sprioc dheiridh an Chomhbheartais Iascaigh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh inbhuanaithe ar bhonn sóisialta, ar bhonn an chomhshaoil de agus ar bhonn eacnamaíoch, agus ceal dálaí maithe oibre, maireachtála agus sábháilteachta nach mbeifear in ann spéis daoine óga a mhúscailt san iascaireacht agus athnuachan glúine na gníomhaíochta sin, gníomhaíocht a sholáthraíonn bia sláintiúil do shaoránaigh an Aontais, a bhaint amach;
16. Ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na caighdeáin sábháilteachta, oibre agus maireachtála is fearr is féidir i bhfeidhm ar shoithí iascaireachta, is cuma cén méid iad; á mholadh go nglacfar céimeanna chun bunrialacha dlíthiúla a bhunú a bheidh infheidhme ar bhealach aonfhoirmeach maidir le cabhlach iascaireachta an Aontais ina iomláine, ag cur san áireamh saintréithe sainiúla a bhaineann le méideanna soithí agus na cineálacha oibríochtaí iascaireachta a bheartaítear do na soithí;
17. Á áitiú go bhfuil sé riachtanach a áirithiú go ndéanfaidh an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe ranníocaíocht shuntasach d'fheabhsú na ndálaí oibre, maireachtála agus sábháilteachta ar shoithí an Aontais, agus go n-aimseofar slite chun na dálaí sin a fheabhsú gan cur leis an acmhainn iascaireachta, agus aird ar leith ar shoithí iascaireachta cósta ar mhionscála;
18. Á áitiú thairis sin, go bhfuil gá le faireachán rialta agus faisnéis staidrimh maidir le teagmhais agus tionóiscí a bhaineann le soithí nach gcumhdaítear faoi Threoir 2009/18/CE, mar mura ndéantar faireachán ar na hathruithe sna figiúirí sin agus na hathruithe sin a mheas, de réir limistéir gheografacha, cabhlaigh agus trealamh iascaireachta in úsáid, ní bheifear in ann teacht ar réitigh a chumasóidh feabhsuithe agus a laghdóidh thionóiscí den chineál sin a bheith ag tarlú, go háirithe i soithí iascaireachta áitiúla agus cósta;
19. Ag moladh, sa chomhthéacs sin, go smaoinodh an Coimisiún ar mhisean na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí a athmhúnlú, agus a chur ar a cumas an faireachán sin a dhéanamh agus faisnéis ina thaobh a chur i láthair ar bhonn rialta;

Oiliúint níos fearr agus a áirithiú go dtabharfar aitheantas don oiliúint ar leibhéal an Aontais

20. Á chur i bhfáth gur cosúil gur ligeadh i ndearmad tuarascáil Bénodet 2000 a shainaitheann na fadhbanna maidir le heaspa spéise daoine óga san iascaireacht agus a chaith solas ar a éagsúlú agus a chasta atá na córais oiliúna agus deimhnithe d'iascairí sna Ballstáit, agus nach ndearnadh aon dul chun cinn suntasach mar gheall uirthi fiche bliain ina diaidh;
21. Á chur i bhfios go bhfuil an ghluaiseacht oibrithe idir Ballstáit agus, ó thríú tíortha, fiú, go dtí an tAontas, ag dul i méid agus go bhfuil an easpa caighdeánaithe sna córais oiliúna agus deimhnithe d'iascairí ina bhac i gcónaí ar aon athnuachan glúine a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air maidir le hoibríthe iascaigh de;
22. Á chur i bhfáth go mbaineann an staid sin go follasach de shaorghluaiseacht daoine,

ceann de bhunphrionsabail an Aontais, mar a léirítear i neart forálacha conarthaí;

23. Á chur i bhfios, fiú má tá teastais saothair a aithnítear i réimse na hiascaireachta ag iascaire ó thríú tír, gur deacair do Bhallstát a chur ar chumas an duine sin an obair chéanna a fháil i mBallstát eile;
24. Á chur i bhfáth go ndearnadh an-dul chun cinn i dtreo aitheantas idirnáisiúnta don oiliúint i réimsí eile den ghníomhaíocht mhuirí, idir réimsí áineasa agus ghairmiúla, is cuma cén tír ina bhfuarthas an oiliúint agus gur leor an bhunoiliúint a chaighdeánú agus í a bheith á cur ar fáil ag scoileanna nó institiúidí oideachais sa chuid sin de chóras oideachais náisiúnta gach Ballstáit nó tríú tíre a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aici;
25. Ag tabhairt dá haire, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta, 1995 (STCW-F), go mbunaíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair caighdeán bhunúsacha maidir le dálaí oibre, lena n-áirítear íoscheanglais san oiliúint sábháilteachta maidir le soithí iascaireachta den uile chineál agus den uile mhéid; á chur i bhfios, cé go bhfuil an coinbhinsiún sin i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2012, nach bhfuil feidhm leis ach sna tíortha sin a rinne é a dhaingniú;
26. Á chur i bhfios, maidir le heolas praiticiúil agus taithí phraiticiúil oibre a fháil, gur bonn fíúntach iad agus go bhfuil siad bailí i gcónaí maidir le hoiliúint iascairí i roinnt de na Ballstáit, ach gurb é an teastasú foirmiúil an t-aon deimhniú go ndearnadh an t-eolas riachtanach a asamhlú i gceart; ag tabhairt dá haire maidir le teastasú foirmiúil, go bhfeabhsaíonn sé stádas pearsanta na n-iascairí agus gur aitheantas sóisialta é don ghairm sin freisin;
27. Ag tabhairt dá haire, ainneoin cistiú ón Aontas a bheith á infheistiú i bhforais teagaisc agus i scoileanna a chuireann ardchúrsaí gairmoiliúna agus teastasú sa gheilleagar gorm ar fáil, go mbíonn deacrachtaí ag an earnáil ghníomhaíochta is sine dá cuid, iascaigh, tabhairt ar na forais sin glacadh leis, seachas faoi oiliúint réigiúnach nó náisiúnta nó faoi chlár oiliúna réigiúnacha nó náisiúnta, tharla nach bhfuil aitheantas Eorpach ann ar an oiliúint a thugtar;
28. Á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit boinn chomónta a bhunú i gcomhair córas caighdeánach oiliúna agus deimhniúcháin do na catagóirí éagsúla iascairí, faoina gcumasófaí mearaitheantas ar leibhéal na hEorpa don deimhniúchán a fuarthas i mBallstát ar leith; á mheas go mba cheart go mbeadh nós imeachta san áireamh ansin maidir le haitheantas do theastais a fuarthas lasmuigh den Aontas a bheadh ag luí leis an gcóras Eorpach d'aitheantas oiliúna, rud a d'éascódh gluaiseacht iascairí laistigh den Aontas;
29. Á chur i bhfios, ainneoin gurb é aidhm CEMID rannchuidiú chun CBI a chur chun feidhme go hiomlán, go gcaithfear oiliúint iomchuí a chur ar iascairí agus an oiliúint sin a dheimhniú chun an sprioc sin a bhaint amach, rud a éilíonn go gcuirfí sciar den chistiú i leataobh chun iascairí reatha san Aontas, agus iascairí a bheidh ag teacht isteach, a oiliúint agus a dheimhniú;

Próifíl na mban a ardú agus comhrochtain ar fhostaíocht san earnáil sin a úirithiú

30. Á chur i bhfios, ainneoin go léirítear sna sonraí staidrimh atá ar fáil nach seasann mná ach do 3% díobh siúd atá fostaithe i ngníomhaíocht tháirgiúil iascaigh, gur mar fhiontair bheaga teaghlaigh a oibrítear go leor soithí, soithí iascaireachta cósta ar mhionscála go háirithe, agus gur mná a chuireann an tacaíocht riachtanach lóistíochtúil agus riaracháin ar fad ar fáil, ar bhonn neamhfhoirmiúil, agus gur mná iad sin nach bhfuil ag plé go hoifigiúil le haon chineál eile fostaíochta;
31. Á chur i bhfios nach ngintear aon tuarastal nó teidlíochtaí leasa shóisialta nó pinsin de bharr gníomhaíocht neamhfhoirmiúil chuiditheach den sórt sin do na mná i gceist, agus dá gcuirfí oibriú na soithí ar fionraí nó dá gcuirfí deireadh lena n-oibriú, gurb iad an fórsa saothair a aithnítear go hoifigiúil, amháin, a bheadh i dteideal sochair leasa shóisialta, ionas gur measa fós na héagothromaíochtaí reatha d'oibríthe;
32. Á chur i bhfios, ainneoin a chontúirtí a bhíonn gníomhaíochtaí iascaireachta, nach bhfuil aon chúis ann le bac a chur le rochtain na mban ar an ngairm sin, mar a léirítear ar an líon breise ball criú agus scipéirí ar mná iad ar shoithí iascaireachta oibre; tugann sí faoi deara go bhfuil roinnt comhlachas fíorghníomhach ann a dhéanann ionadaíocht ar mhná in earnáil na n-iascach ar an dea-uair, sna comhairlí comhairleacha réigiúnacha go háirithe;
33. Ag tabhairt dá haire, ainneoin gur ról neamhfhoirmiúil a bhíonn ag mná in earnáil na n-iascach go minic, go gcaithfear aitheantas eacnamaíoch agus sóisialta a thabhairt dóibh; á chur i bhfios go gcuideoidh faisnéis níos fearr maidir lena ngníomhaíochtaí mar aon le beartais chun a stádas a fheabhsú agus a bpróifíl a ardú, ní hamháin lena ndul chun cinn pearsanta agus sóisialta a fheabhsú, ach le fáil réidh le gné rúnda a róil in earnáil na n-iascach;
34. Ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit bearta a chur chun feidhme chun cáilíochtaí na mban a bhíonn ag plé leis an ngeilleagar gorm, le hiascaigh go háirithe, a fheabhsú agus aitheantas oifigiúil dá gcuid oibre i gcúrsaí iascaireachta a chur chun cinn; á mheas go bhfuil sé riachtanach thairis sin a áirithiú go ndéanfaidh cistiú CEMID faoi chuimsiú chreat an Chomhphobail 2021-2017, agus níos faide ar aghaidh, ranníocaíocht shuntasach i gcomhair cóir chothrom do mhná in earnáil na n-iascach, ranníocaíocht a chuirfí i leataobh go háirithe i gcomhair bearta chun a gcuid dálaí maireachtála, oibre agus sábháilteachta ar bord soithí iascaireachta a fheabhsú agus a áirithiú go ndéanfar na hathruithe riachtanacha chuige sin;

Gníomhaíocht ghairmiúil iascaireachta a chur chun cinn, mar aon le hathnuachan glúine san earnáil sin

35. Á mheabhrú nach seasann an tAontas Eorpach, an margadh aonair is mó maidir le táirgí iascach, ach do 6% de na gabhálacha éisc ar domhan agus go mbraitheann sé go mór ar allmhairí éisc agus allmhairí an do Bharshaothraithe ó thríú tíortha;
36. Á chur i bhfios go bhfuil caighdeáin CBI ar na caighdeáin is déine agus go gcuireann siad go suntasach leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil, gheilleagrach agus shóisialta agus cé go bhféadfaí an scéal a fheabhsú fós, go bhfuil an dul chun cinn atá déanta le fiche nó tríocha bliain anuas ina léiriú ar na féidearthachtaí sna cúrsaí sin, agus é ina chuidiú le hinbhuanaitheacht na stoc éisc agus na ngnáthóg éisc de pháirt amháin, agus le méadú ar thuilleamh iascairí agus úinéirí long den pháirt eile;

37. Á chur i bhfáth gur den riachtanas é leanúnachas na gníomhaíochta iascaireachta, athnuachan glúine agus breis aitheantais shóisialta a áirithiú don earnáil seo, agus a thábhachtaí atá sí don soláthar inbhuanaithe bia shláintiúil ó ghnáthóga atá slán ó thaobh an chomhshaoil de, d'Eorpaigh;
38. Á chur i bhfáth cion suntasach na n-iascairí i gcur chun cinn an eolais eolaíoch trí bhithin a mbaint dhíreach le sonraí iascaireachta a bhailiú agus tríd an bhfaisnéis bhreise a chuireann siad ar fáil freisin maidir le staid na timpeallachta muirí, na speiceas agus na ngnáthóg muirí agus maidir lena gcaomhnú;
39. Tugann sí faoi deara, ach an oiliúint cheart a bheith curtha orthu agus scileanna sonracha a bheith tugtha dóibh, go bhféadfadh iascairí a thuilleadh fós a dhéanamh ar son chur chun cinn an eolais eolaíoch trí shonraí comhshaoil a bhailiú agus a chlárú *in situ* agus fíorú a sholáthar ar an méid a fhaightear trí chianfhairé saiteilítí agus gléasanna eile; breis is 81 000 soitheach ar mhéideanna éagsúla a bhí i gcabhlach an Aontais in 2019, iad ag feidhmiú ar nós líon ollmhór ardán ag síorbhailiú sonraí iascaireachta agus sonraí muirí eile ar bhonn laethúil nach mór; saoráid í sin ar féidir agus ar cheart a úsáid chun a thuilleadh sonraí fós a bhailiú faoi le fharraigí na hEorpa agus an domhain;
40. Á chur i bhfios go n-áiritheofar leanúnachas na gníomhaíochta is sine sa gheilleagar gorm ach daoine óga a bheith bainteach agus athnuachan glúine ag tarlú, agus go gcoinneofar níos mó eolais leis na glúnta óga freisin ionas go mbeidh siad níos airdealláí maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta agus maidir lena riachtanaí atá sé go ndéanfaidh gach duine a chion chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus é a chomhrac, athrú ar mó a thionchar ar limistéir farraige agus chósta ar fud an phláinéid;
41. Á chur i bhfáth a thábhachtaí atá tuiscint ar na haigéin, agus gan litearthacht dhigiteach agus digitiú na gníomhaíochta iascaireachta a fhágáil as an áireamh; ainneoin scileanna feabhsaithe i measc úsáideoirí níos sine, go mbíonn feidhmchláir bogearraí níos fusa agus níos iomasaí do na glúnta óga nuair a bhíonn sonraí le bailiú agus le clárú faoin Rialachán nua maidir le Rialú ar Iascach, rialachán atá á athbhreithniú faoi láthair, nó nuair a bhíonn úsáid le baint as feidhmchláir agus trealaimh nua chun sábháilteacht, dálaí oibre agus folláine iascairí ar an bhfarraige a fheabhsú;
42. Á chur i bhfios gur cuireadh le táirgiúlacht na n-iascairí agus lena meántuilleamh, a bhuiochas d'fheabhsuithe ar stádas caomhantais na stoc éisc, agus gur laghdaíodh ar an dé-ocsaíd charbóin agus ar astaíochtaí eile gás ceaptha teasa; ag tabhairt dá haire go bhfuil ag méadú i gcónaí ar an mbaint a bhíonn ag iascairí i mbailiú an bhruscair mhuirí ar fad, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do threalamh iascaireachta cailte nó tréigthe, agus go mba cheart an cion sin a dhéanann siad ar son na héiceolaíochta a aithint agus a spreagadh;
43. Á chur in iúl gur geal léi na moltaí atá á bplé i gcomhthéacs CEMID 2021-2027 chun cúnaimh agus tacaíocht a chur ar fáil d'iascairí óga atá i mbun soitheach iascaireachta nó fiontar iascaireachta a cheannach den chéad uair; Á chur i bhfáth go bhfuil sé riachtanach spéis daoine óga a mhúscailt, ní i ngníomhaíochtaí iascaireachta amháin, ach i mbainistíocht fiontar iascaireachta freisin, chun an athnuachan glúine a áirithiú fud fad na hearnála;
44. Á chur i bhfios maidir leis an athnuachan glúine ina mbeidh iontógáil iascairí dea-oilte a

bheidh ar an eolas faoi na teicneolaíochtaí agus na nósanna imeachta is nua-aimseartha agus faoi shlite chun inbhuanaitheacht acmhainní a áirithiú, gur bealach atá ansin don Aontas Eorpach freisin chun a chion a dhéanamh ar son na gluaiseachta domhanda chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuariscithe agus neamhrialáilte (iascaireacht NNN) a chomhrac, a laghdú agus a dhíothú;

45. Á chur i bhfios go bhfuil sé riachtanach dálaí oibre, maireachtála agus sábháilteachta ar bord a fheabhsú, agus go bhfeidhmíonn na deacrachtaí le haitheantas do theastais iascaireachta, na bacainní ar ghluaiseacht iascairí idir na Ballstáit agus an géarghá le daoine san earnáil sin mar spreagadh do theacht iascairí tríú tíre, iascairí a fhostaítear go mídhleathach go minic;
46. Á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit feasacht a mhúscailt san Eoraip faoina thábhachtaí atá gníomhaíochtaí iascaireachta agus faoin gcion a chuireann iascairí leis an soláthar bia san Eoraip agus le caomhnú na n-aigéan agus na beatha muirí, rud a bhaineann an tóin as an argóint gur iascairí iad nach spéis leo ach dúshaothrú acmhainní agus iad beag beann ar an am atá le teacht;
47. Ag tabhairt dá haire ábharthacht leanúnach na ceiste a ardaíodh i dtuarascáil Bénodet 2000 dar teideal ‘Fish comes from the sea, but where will future fishermen come from?’, ceist a d’fhéadfaí a chur mar seo fiche bliain níos faide anonn: ‘Is ón bhfarráige do na héisc agus is iad na hiascairí caomhnóirí an éisc agus na farráige, ach cén chaoi a mbeimid in ann an soláthar a athnuachan, agus carb as do na hiascairí amach anseo?’
48. Tagann sí ar an gconclúid go gcaithfear cuspóirí Chomhaontú Glas don Eoraip a chur san áireamh san athnuachan glúine agus nar mhiste aistriú digiteach a áirithiú sa gheilleagar gorm freisin; is é sin, chomh maith le spéis daoine óga a mhúscailt san iascaireacht go gcaithfear a áirithiú go mbeidh siad ar an eolas agus go mbeidh oiliúint iomchuí orthu, go mbeidh ionchais tharraingteacha ghairmréime ann dóibh agus deis acu chun a staid phearsanta a fheabhsú agus cur le comhtháthú a bpobal áitiúil, go háirithe sna limistéir chósta is mó atá ar leithlis agus ar lú na deiseanna fostaíochta, ionas go mbeidh ar a gcumas oibriú ar son athrú eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil, agus ag an am céanna ról na mban san earnáil a fheabhsú le deiseanna feabhsaithe soghluaisteachta agus fostaíochta ar fud an Aontais agus gan deacrachtaí ná srianta maidir le haitheantas dá scileanna agus dá n-oiliúint;
49. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá roinnt dúshlán comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta ann do thodhchaí na n-iascach Eorpach amach anseo. Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil tionscnaimh mholta seo aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le cúrsaí fostaíochta a bhaineann le hiascaigh, go háirithe i réimse na hathnuachana glúine i gcás oibríthe. Tá tábhacht na hiascaireachta doshéanta, ní hamháin mar go bhfuil sí ar na hearnálacha príomhtháirgthe ó thaobh soláthar bia do dhaonra domhanda atá ag síormhéadú ach mar gheall ar an gcéatadán den daonra a bhíonn ag brath uirthi dá slí bheatha freisin (10% -12%, dar le FAO).

Níl staidreamh an-mhion san Aontas maidir le fostaíocht in earnáil na n-iascach agus ní thugtar pictiúr iomlán den tslí ar tháinig ann d'aois-struchtúr an fhórsa saothair. Léiríonn roinnt de na sonraí agus de na táscairí áfach go bhfuil cion suntasach oibríthe níos sine san earnáil, i bhfianaise riachtanais fhisiciúla na hoibre agus na gcontúirtí a bhíonn i gceist go háirithe. Caithfear, dá réir sin, teacht ar réitigh chun dálaí sábháilteachta agus oibre agus na dálaí saoil ar bord soithí a fheabhsú, mar aon leis an oiliúint agus an t-aitheantas don phost, agus chun mná a dhéanamh páirteach agus cuid den mhistéir a bhaint as an earnáil, rud a chuideodh b'fhéidir leis an athnuachan glúine a fheabhsú.

Seasamh an Rapóirtéara

Is é dearcadh an rapóirtéara nár mhiste cúrsaí staidrimh a fheabhsú maidir leis an tslí a gcuirtear síos ar phoist in earnáil na n-iascach agus an do Bharshaothraithe agus sa chuid eile den slabhra luacha, go háirithe trí fheasacht ar leibhéal na hoiliúna agus ar an struchtúr aoise, agus mar a tháinig sé chun a bheith amhlaidh in imeacht na mblianta. Ní miste bainistiú na fostaíochta, amhail bainistiú na n-iascach, a bheith bunaithe ar an eolas agus ar an bhfaisnéis is fearr dá bhfuil ar fáil. Is le staidreamh suas chun dáta amháin a chuirfear ar ár gcumas staideanna a shainnithint ina gcaithfear bearta bainistíochta a mhodhnú agus a fheabhsú.

Is trí dhálaí oibre níos fearr agus trí dhálaí maireachtála níos fearr ar bhord soithí iascaireachta a áirithiú, amháin, a dhéanfar spéis daoine óga a mhúscailt sa chineál sin oibre agus an tsábháilteacht a fheabhsú do chách Ainneoin na feabhsuithe a rinneadh go dtí seo, is iomaí tionóisc fós a tharlaíonn ar an bhfarraige agus ainneoin an laghdú ar líon na mbásanna, is earráid an duine faoi deara an chuid is mó de na tionóiscí.

Déanann an rapóirtéir an pointe go léiríonn roinnt tuarascálacha agus staidéar go bhfuil sé riachtanach critéir a bhunú maidir le hoiliúint agus aitheantas do theastasú aonfhoirmeach san Aontas, cé nár tharla sé fós, agus é ina bhac ar ghluaiseacht lucht saothair idir Ballstáit. Ba cheart go bhfeabhsófaí oiliúint agus teastasú na n-iascairí freisin leis an athnuachan glúine agus beidh toradh dearfa ag an oiliúint sin ní hamháin ar shábháilteacht na hoibre ar bord ach ar inbhuanaitheacht shaothrú na n-acmhainní ó thaobh an chomhshaoil de freisin.

Cuireann an rapóirtéir i bhfáth a thábhachtaí atá an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) chun go leor de na bacainní a dtáinghas orthu maidir le spéis na nglúnta óga a mhúscailt san iascaireacht, agus leagann sé béim ar an bhfioras go gcuideíonn athnuachan glúine le cur chun feidhme iomlán an CBI i gcomhréir le cuspóirí an chiste.

Cuideoidh an athnuachan glúine chun bainistíocht acmhainní muirí agus iascach a fheabhsú, mar go gceanglófar í le breis oiliúna d'iascairí agus le hoiliúint níos fearr dóibh. Cruthóidh an

oiliúint fórsa saothair a bheidh níos airdeallaí agus níos oscailte maidir le hathruithe iompraíochta a chur chun feidhme, amhail tuairisceoireacht dhigiteach sonraí, nó a bheith bainteach le níos mó sonraí agus sonraí níos fearr a bhailiú maidir leis an iascaireacht agus maidir leis an gcomhshaol. Ar deireadh, creideann an rapóirtéir go mbainfear den rúndacht a ghabhann leis an iascaireacht do shaoránaigh na hEorpa freisin, a bhuíochas don athnuachan glúine óir is mar chaomhnóirí na farraige agus a cuid acmhainní is ceart iascairí a fheiceáil.